# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 10 gceist | 80 marc |
| Roinn B | 3 cheist | 240 marc |

Iarrtar ar iarrthóirí gach ceist a fhreagairt.

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.

- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní cheart na marcanna a bhronnadh.

| **Grád** | **Raon Grádaithe** |
|---|---|
| Gradam **D** | 288-320 |
| Ardtuillteanas **HM** | 240-287 |
| Tuillteanas **M** | 176-239 |
| Gnóthaithe **A** | 128-175 |
| Gnóthaithe go Páirteach **PA** | 64-127 |
| Neamhghrádaithe **NG** | 0-63 |

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

**Ceist 1** **8**

'Ceapann 74% de theaghlaigh gur ábhar imní an-tábhachtach í dramhaíl phlaisteach ó thaobh na timpeallachta de.' *(CSO, 2021)*

**(i)** Luaigh éifeacht dhíobhálach **amháin** a bhíonn ag dramhaíl phlaisteach.
**(1 éifeacht dhíobhálach amháin a bhíonn ag dramhaíl phlaisteach aitheanta @ 2 mharc)**
**grádaithe (2:0)**

*Bruscar,*
*tachtar an fiadhúlra,*
*cruthaítear micreaphlaistigh sna haigéin a dhéanann dochar do shaol na mara,*
*gintear tocsainí de réir mar a bhriseann sí síos- déantar damáiste don ithir- truaillítear screamhuisce, srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí éagsúla inar féidir le teaghlaigh dramhaíl phlaisteach a laghdú.
**(2 shlí leagtha amach inar féidir le teaghlaigh dramhaíl phlaisteach a laghdú @ 3 mharc)**
**grádaithe (3:2:0)**

*Ceannaigh táirgí scaoilte,*
*roghnaigh táirgí pacáistithe i bpáipéar / gloine / cairtchlár,*
*úsáid cupán caife / buidéal uisce in-athúsáidte,*
*coimeádáin/boscaí plaisteacha a athúsáid,*
*buidéil phlaisteacha / pacáistiú plaisteach a athchúrsáil, srl.*
*Úsáid leaganacha neamh-phlaisteacha d'earraí* m.sh. *scuaba fiacla / soip,*
*úsáid roghanna scannáin cumhdaithe - claibíní fabraice / sileacóin / ceirmeacha, srl,*
*roghnaigh táirge athlíonta, srl.*

**Ceist 2** **8**

Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde.
**(Cur síos déanta ar 1 bhuntáiste a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde ag 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**
*úsáid earraí láithreach,*
*is féidir próifíl chreidmheasa (rátáil chreidmheasa) a chruthú, srl.*
**(Sainaithníodh 1 mhíbhuntáiste a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde ag 4 mharc)**
**grádaithe (4:2:0)**
*costais níos airde- ús breise,*
*spreagtar tobcheannach,*
*d'fhéadfadh sé go mbeidh fadhbanna fiachais ann, srl.*

**Ceist 3** **8**

**(Sainaithníodh 4 ráiteas i gceart @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:0)**

Cuir in iúl le (✓ ) cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas maidir le dearadh seomra.

| **Dearadh seomra Fíor Bréagach** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá gá le soilsiú maith chun tuirse súl agus timpistí a chosc | ✓ | |
| Is bundath é glas | | ✓ |
| Leagann gnébhalla béim ar sheomra | ✓ | |
| Feidhmíonn dathanna fionnuara go han- mhaith i seomraí a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh | | ✓ |

**Ceist 4** **8**

'Deir leanaí gur fearr leo a bheith ag úsáid an idirlín seachas a bheith ag súgradh lena gcairde.' (The Irish Times, Meitheamh 2021)

Déan plé ar conas a d'fhéadfadh ró-úsáid an idirlín dul i bhfeidhm ar fhorbairt shóisialta, agus fhisiciúil leanaí.

**(1 éifeacht pléite ar fhorbairt shóisialta @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Scileanna sóisialta beagfhorbartha, níos lú cairde neamh-fhíorúla, srl.*

**(1 éifeacht pléite ar fhorbairt fhisiceach @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Scileanna mótair beagfhorbartha, aclaíocht fhisiceach laghdaithe, srl.*

**Ceist 5** **8**

Mol **dhá** threoirlíne ba cheart a leanúint nuair atá béilí á n-ullmhú do lapadáin.


**(2 threoirlíne @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Roghnaigh bianna cothaitheacha, méaróga bia, sciar / méid cuí,*
*Roghnaigh bianna tarraingteacha daite, aistí bia speisialta, pirimid an bhia, srl.*

**Ceist 6**

Cuir in iúl le tic (✓ ) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas maidir le díleá. **8**

**(Sainaithníodh 4 ráiteas i gceart @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:0)**



| **Díleá** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tarlaíonn díleá fisiciúil sa bhéal | ✓ | |
| Cuidíonn aigéad sa ghoile le baictéir a | ✓ | |
| Déantar Vitimín B sa stéig bheag | | ✓ |
| Déantar uisce a ionsú sa stéig mhór | ✓ | |

**Ceist 7** **8**

Mínigh conas a bhíonn tionchar ag úsáid ime i dtáirge bácáilte ar chothú agus ar uigeacht an táirge.

**(1 éifeacht mínithe maidir le cothú @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Bíonn tionchar ag an ábhar saille ar ábhar calraí an táirge, méadaíonn sé an baol de bheith róthrom, méadaíonn sé leibhéil colaistéaróil, srl.*
*bíonn tionchar ag an gcion saille ar na vitimíní saill-thuaslagtha (A, D, E, K) sa táirge, méadaítear an luach cothaitheach,*
*tá salann in im ionas go méadaíonn cion sóidiam / salainn an táirge, éifeacht ar brú fola, srl.*

**(1 éifeacht mínithe maidir le huigeacht @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*cuireann sé tais le cácaí,*
*cuireann sé calógacht le taosrán,*
*cuireann sé le boige,*
*d'fhéadfaí uigeacht gréisceach a chruthú, srl.*

**Ceist 8** **8**

Macrachothaitheach ríthábhachtach sa réim bia is ea próitéin.

**(i)** Luaigh **dhá** fhoinse bhia do phróitéin ar Ardluach Bitheolaíoch HBV (ainmhíoch).

**(2 fhoinse chearta @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:0)**

*Feoil, bainne, cáis, pónairí soighe, táirgí soighe-bhunaithe, srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag próitéin sa chorp.

**(2 fheidhm chearta leagtha amach @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:1:0)**

*Fás, deisiú, teas / fuinneamh, hormóin a dhéanamh, einsímí a dhéanamh, antasubstaintí a dhéanamh, srl.*

**Ceist 9** **8**

D'fhéadfadh uireasa iarrainn tarlú mura mbíonn dóthain foinsí bia a bhfuil iarann iontu san áireamh i réimeanna bia déagóra.

**(i)** Ainmnigh an galar a bhfuil uireasa iarrainn mar chúis leis.

**(Ainm an ghalair uireasa @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

Ainéime.

**(ii)** Liostaigh **trí** bhia ar foinsí iarainn iad.


**(3 fhoinse chearta @ 1 mharc an ceann)** **grádaithe (1:0)**

*Feoil dhearg, uibheacha, gránaigh iomlána, glasraí glasa, gránaigh bhricfeasta treisithe le hiarann, srl.*

**Ceist 10** **8**

Is féidir linn roghanna atá neamhdhíobhálach don timpeallacht a dhéanamh nuair atáimid ag déanamh cúraim d'earraí teicstíle.

Tá na treoracha seo le fáil ar an lipéad cúraim atá ar thuáille bán.




Mínigh conas na treoracha atá ar an lipéad cúraim a athrú chun cúram a dhéanamh den tuáille ar bhealach atá níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht.

Tagair do **dhá cheann** de na treoracha atá ar an lipéad cúraim.

**(2 athrú de dhá threoir éagsúla ar an lipéad @ 4 mharc an ceann)**

**grádaithe (4:2:0)**

*teocht níocháin a laghdú ó 40$^o$ C, go 15$^o$ C - 30$^o$ C,*
*ná déan tuaradh - déanann sé damáiste don timpeallacht*
*ná triomaigh i dtriomadóir rothlaim, aerthriomaigh, triomaigh ar líne níocháin,*
*seachainn a bheith ag iarnáil / teocht iarnála a laghdú ó mheán go híseal, srl.*

| Roinn B | 240 marc |
|---|---|

**Ceist 11** **80**

Bhain muintir Uí Nualláin taitneamh as turas lae chuig *Féile Laghdaigh agus Athúsáid le Chéile.* D'fhreastail siad ar thaispeántas cócaireachta, ar cheardlann teicstílí cruthaitheacha agus ar chaint faoi chostais fuinnimh a laghdú sa bhaile.

**(a)** Bhí bianna áitiúla ina séasúr sa taispeántas cócaireachta ag an bhféile.

**(i)** Déan plé ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le bianna áitiúla atá ina séasúr a úsáid i mbéilí. **15**

**(3 bhuntáiste measta @ 5 mharc do gach ceann)** **grádaithe (5:2:0)**

*D'fhéadfadh bianna áitiúla atá ina séasúr a bheith níos úire,*
*tá blás níos fearr ar bhianna atá ina séasúr ,*
*d'fhéadfadh bianna atá ina séasúr a bheith níos cothaithí,*
*d'fhéadfadh siad a bheith níos saoire,*
*tionchar níos lú ar an gcomhshaol/lorg carbóin níos ísle - níos lú astaíochtaí iompair/ aermhílte,*
*cuirtear leis an ngeilleagar áitiúil/le poist áitiúla, srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an eolas a thugann an tsiombail seo, a fhaightear ar phacáistíocht bhia, don tomhaltóir. **3**

**(1 phíosa d'eolas @ 3 mharc)** **grádaithe (3:2:0)**

*Táirgtear bia faoi scéim dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia de bhunadh na hÉireann,*
*Tá bia ar ardchaighdeán, tá bia sábháilte, tá bia inrianaithe, táirgtear bia in Éirinn, srl.*

**(b)** **(i)** Déan anailís ar **cheithre** cinn de threoirlínte sláinteachais éagsúla is cóir a leanúint chun an baol a bhaineann le nimhiú bia a laghdú. **16**

**(anailís déantar ar 4 threoirlíne sláinteachais éagsúla @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Sláinteachas pearsanta - Lámha a nigh go minic, gearrthacha a chlúdach, gruaig a cheangail siar, lámhainní a chaitheamh de réir mar is cuí,*
*Sláinteachas cistine - coimeád urláir / dromchlaí / boscaí bruscair an chistin glan agus díghalrú de réir mar is gá, éadaí cistine a ní / a dhíghalrú go rialta,*
*bianna a stóráil ag teocht cheart - bianna fuara sa chuisneoir, bianna te os cionn theocht an chreasa contúirte, bianna a chócaráil go hiomlán, seiceáil le haghaidh rianta de bándearg, úsáid a bhaint as taiscéalaí teochta / teirmiméadar bia,*
*rialacha a leanúint maidir le díreo/ bianna reoite a chócaráil,*
*bianna a chosaint ó chiaróga/cuileoga/peataí, srl.*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ghrúpa daoine is mó atá i mbaol ó nimhiú bia. **8**

**(2 ghrúpa daoine is mó atá i mbaol nimhiú bia @ 3 mharc an ceann) grádaithe (3:0)**

*Mná torracha, daoine scothaosta, naíonáin/leanaí beaga, iad siúd a bhfuil córas imdhíonachta lagaithe acu, srl.*

Mol cúis gurb iad na grúpaí daoine sin is mó atá i mbaol.
**(1 chúis molta @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**
*Níos lú in ann dul i ngleic le hionfhabhtú baictéarach nimhiú bia, is dócha go mbeidh siad níos tinne má dhéanann siad baictéir nimhiú bia a ionghabháil, is féidir le baictéir nimhiú bia dul i bhfeidhm ar leanbh sa bhroinn, srl.*

**(c)** Ceap **cúig** straitéis éagsúla a d'fhéadfadh teaghlach a úsáid chun costais fuinnimh sa teach a laghdú. **15**
**(5 straitéis éagsúla chun costais fuinnimh a laghdú @ 3 mharc an ceann)**
**grádaithe (3:2:0)**
*Múch soilse, fearais, leictreonaic ar fuireachas nuair nach bhfuil siad in úsáid,*
*úsáid a bhaint as éicea-shocruithe / cláir coigilte fuinnimh ar mheaisíní níocháin/ miasniteoirí,*
*éadaí a nigh go fuar,*
*friochtáin aeir/micreathonnáin a úsáid in ionad oigheann,*
*tóstaeir a úsáid in ionad an ghreille,*
*leaganacha éiceabhácha a chur in ionad soilsiú neamh-éiceabhách/bolgáin LED a úsáid, srl.*
*ná fiuch ach an t-uisce atá uait sa chiteal,*
*seirbhís a dhéanamh ar choirí / córais téimh go rialta,*
*leictreachas spárálaí oíche a úsáid,*
*rialaitheoirí teirmeastait a ísliú,*
*radaitheoirí a mhúchadh i seomraí nach n-úsáidtear/ múch an teas nuair nach bhfuiltear sa bhaile/bain úsáid as aipeanna chun teas tí a bhainistiú,*
*seachain éadaí a thriomú i dtriomadóir,*
*insligh chun caillteanas teasa a laghdú/airgead a shábháil ar chostais téimh,*
*leictreachas spárálaí-oíche a úsáid,*
*do leictreachas féin a ghiniúint/ painéil ghréine, muileann gaoithe baile, srl.*
*cuardaigh thart / athraigh soláthraí fuinnimh chun an ráta praghais fuinnimh is fearr a fháil, srl.*

**(d)** Ag an gceardlann teicstílí, d'fhoghlaim baill an teaghlaigh conas inneall fuála a úsáid.
**(i)** Ainmnigh an greim innill fuála a thaispeántar. **5**
**(ainm an ghreama @ 5 mharc)** **grádaithe (5:0)**
*Greim fiarlán*

**(ii)** Mínigh **trí** threoirlíne is cóir a leanúint nuair atá inneall fuála á úsáid. **12**
**(3 threoirlíne le cur síos déanta orthu @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**
*Lean treoracha an déantóra*
*cinntigh go bhfuil an meaisín snáithithe i gceart,*
*bain úsáid as snáithe ar ardchaighdeáin,*
*seachain fabraic a bhrú / a tharraingt tríd an meaisín*
*cinntigh go gcuirtear an tsnáthaid isteach i gceart,*
*glac le pointe sábháilteachta, srl.*

**(e)** Déan cur síos ar an mbealach ar féidir le turais lae don teaghlach caidreamh teaghlaigh a neartú. **6**
**(1 phointe le cur síos déanta @ 6 mharc)** **grádaithe (6:3:0)**
*Cothaítear ceangail nuair a chaitear am lena chéile,*
*spreagtar cumarsáid, tugtar an deis chun cuimhní a chruthú, srl.*

**Ceist 12** **80**

Tá réim bhia, aclaíocht agus am a chaitheamh le cairde agus leis an teaghlach i measc na ngnéithe den saol sláintiúil a chothaíonn an dea-shláinte.

**(a)** Pléigh conas a chuireann réim bhia atá folláin, aclaíocht agus am a chaitheamh le cairde agus leis an teaghlach leis an dea-shláinte i seandaoine. **15**

**(3 phointe pléite @ 5 mharc an ceann)**

Réim bhia atá folláin

**(1 phointe le cur síos déanta @ 5 mharc)** **grádaithe (5:2:0)**


Aclaíocht

**(1 phointe le cur síos déanta @ 5 mharc)** **grádaithe (5:2:0)**

Am a chaitheamh le cairde agus leis an teaghlach

**(1 phointe le cur síos déanta @ 5 mharc)** **grádaithe (5:2:0)**

**(b)** **(i)** Dearadh an biachlár thíos chun freastal ar riachtanais seanduine.




Déan anailís ar an mbiachlár sin agus mínigh conas a dhéanann an biachlár freastal ar riachtanais seanduine maidir le cothú agus réim bhia. Tabhair **ceithre** phointe éagsúla. **16**

**(4 phointe a bhaineann leis an mbiachlár agus míniú ceart @ 4 mharc an ceann)**

**grádaithe (4:2:0)**

Pointe amháin maidir le cothú agus pointe amháin maidir le réim bhia agus aon dá cheann eile.

Is féidir na glasraí ar an mbiachlár a fháil agus iad reoite.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le glasraí reoite a chur san áireamh i réim bhia seandaoine.

**12**

**(3 bhuntáiste @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Is beag ullmhúchán atá ag teastáil,*
*reo mar mhodh próiseála - coinníonn sé cothaithigh i nglasraí,*
*ní thógann sé i bhfad iad a chócaráil,*
*éasca le roinnt,*
*éasca le stóráil,*
*éagsúlacht glasraí ar fáil,*
*luach maith / réasúnta saor,*
*cothaitheach, srl.*

**(iii)** Luaigh **dhá** bhéile glasraí a d'fhéadfaí a dhéanamh ag úsáid glasraí reoite. **6**
**(2 bhéile @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:2:0)**

**(c)** Mol **trí** shlí éagsúla ina bhféadfadh seanduine cur lena g(h)níomhaíocht choirp laethúil. **9**

**(3 shlí chun cur le gníomhaíocht choirp laethúil @ 3 mharc an ceann)**
**grádaithe (3:2:0)**

*Siúil go dtí na siopaí,*
*garraíodóireacht,*
*obair tí,*
*bualadh le cairde le haghaidh siúlóide,*
*páirt a ghlacadh i rang aclaíochta/ i ngrúpa gníomhach,*
*am a chaitheamh i súgradh gníomhach éadrom nuair a bhítear i mbun feighlíocht leanaí,*
*páirceáil i gcarrchlóis- is faide ar shiúl ó bhealach isteach chun an tsiopa,*
*más ag taisteal ar bhus atá, tuirling de ag an stad roimh do stad, srl.*

**(d)** Déan plé ar **dhá** ghné a bhaineann leis an ról atá ag seantuismitheoir sa teaghlach. **10**
**(Plé déanta ar 2 ghné a bhaineann leis an ról atá ag seantuismitheoirí @ 5 mharc an ceann)**
**grádaithe (5:2:0)**

*Feighlíocht leanaí,*
*grá agus tacaíocht a chur ar fáil,*
*eagna ag tairiscint comhairle,*
*ranníocaíocht airgeadais,*
*scileanna a chur ar aghaidh,*
*is féidir leo a bheith ina gcúramóirí príomhúla,*
*srl.*

**(e)** Reáchtálann Éire Ildánach imeachtaí bliantúla do thionscadail cheardaíochta.

Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le páirt a ghlacadh in obair ceardaíochta teicstíle. **12**
**(3 bhuntáiste a bhaineann le páirt a ghlacadh in obair ceardaíochta teicstíle @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Suaimhneach / súiteach / laghdaítear strus / maith don mheabhairshláinte,*
*ranganna / tionscadail ceardaíochta grúpa / pobail- scileanna cumarsáide a fhorbairt/ is féidir an deis a thabhairt bualadh le daoine eile,*
*mothú éachtach,*
*scileanna ceardaíochta/scileanna mótair a fhorbairt,*
*ceadaítear cruthaitheacht/féinléiriú,*
*is féidir earraí ceardaíochta teicstíle a úsáid mar phíosaí maisiúcháin baile,*
*is féidir cúnamh a thabhairt teicstílí dramhaíola a úsáid,*
*sábháiltear airgead,*
*coinnítear ceird thraidisiúnta beo, srl.*

**Ceist 13** **80**

Tá rith spraoi á eagrú ag do phobal scoile ar mhaithe le Diaibéiteas Éireann.

**(a)** **(i)** Ba mhaith leat bróga reatha nua a cheannach don rith spraoi.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de threoirlínte siopadóireachta a leanfá lena chinntiú go bhfuil rogha eolach agus fhreagrach á déanamh agat. **15**

**(3 threoirlíne siopadóireachta agus na bróga reatha á gceannach agat @ 5 mharc an ceann)** **grádaithe (5:2:0)**

*Smaoinigh ar do bhuiséad,*
*cuardaigh thart don mhargadh is fearr,*
*measúnú a dhéanamh ar do chuid riachtanas/mianta,*
*oiriúnacht don fheidhm a mheas,*
*smaoineamh ar bhranda / cáilíocht,*
*triail ort iad chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal an chompoird,*
*aiseolas/athbhreithnithe ó chustaiméirí a léamh,*
*iarraidh/éisteacht le - moltaí ó dhaoine eile,*
*déan machnamh ar an gcothromaíocht idir cáilíocht/costas agus luach ar airgead a mheas,*
*déan machnamh ar ghnéithe comhshaoil/eiticiúla a bhaineann leis na hábhair, táirgeadh, srl.*
*an polasaí aisdúichithe/ aisíocaíochta a léamh,*
*an admháil a choinneáil, srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an ról atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. **6**

**(2 phíosa thuairisciúla ar a ról @ 3 mharc)** **grádaithe (3:2:0)**

*Cuireann sé dlí na dtomhaltóirí i bhfeidhm,*
*reachtaíocht sábháilteachta táirgí a fhorfheidhmiú,*
*cuireann sé faisnéis do thomhaltóirí/líne chabhrach do thomhaltóirí/suíomh gréasáin/ feachtais feasachta poiblí ar fáil,*
*déanann sé dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú,*
*déanann sé measúnú ar éifeachtaí cumasc cuideachta, srl.*

**(b)** Beidh sneaiceanna á ndíol ag stainníní bia ar lá an reatha spraoi.
Agus treoirlínte maidir le bia sláintiúil á gcur san áireamh agat, mol **dhá** shneaic shláintiúla a d'fhéadfaí a dhíol ó stainnín bia. **12**
Mínigh conas a shásaíonn gach sneaic na treoirlínte maidir le bia sláintiúil.

**(2 shneaic shláintiúil ainmnithe @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:0)**
**(2 mhíniú ar an gcaoi a sásaíonn an sneaic na treoirlínte maidir le bia sláintiúil @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:2:0)**

**(c)** Tá líon na ndaoine in Éirinn a bhfuil diaibéiteas orthu ag fás go tapa.
**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhfuil an baol ann i gcás roinnt daoine go bhféadfaidís diaibéiteas a fháil.
Tabhair **dhá** phointe. **8**

**(2 chúis a bhfuil an baol ann i gcás roinnt daoine go bhféadfaidís diaibéiteas a fháil @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Cuireann a bheith murtallach / róthrom leis an mbaol diaibéiteas,*
*neamhábaltacht an inslin a tháirgtear a úsáid i gceart,*
*diaibéiteas a bhaineann le toircheas/-diaibéiteas le linn toirchis*
*suíomh saille coirp iomarcacha, cúinsí aiste bia,*
*neamhábaltacht inslin a dhéanamh/inslin neamhimleor, cúiseanna géiniteacha, srl.*

**(iii)** Déan cur síos ar **dhá** threoirlíne atá le leanúint agus béilí á bpleanáil do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi. **8**

**(cur síos déanta ar 2 threoirlíne @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Ith aiste bia chothrom shláintiúil,*
*béilí rialta a ithe agus ná caill béile,*
*iontógáil bia siúcrúil a bhainistiú /a sheachaint,*
*bianna carbaihiodráite le neart snáithín a roghnú,*
*bianna carbaihiodráite le GI íseal iontu a roghnú,*
*bianna ardsaille a sheachaint,*
*modhanna cócaireachta ar bheagán saille a roghnú*
*bianna a bhfuil leibhéil ard salainn iontu a sheachaint,*
*srl,*

**(iii)** Mínigh conas a d'úsáidfeadh duine an t-eolas ar lipéid bhia chun cabhrú leis/léi agus é/í ag roghnú táirgí bia. **16**
Tabhair **ceithre** phointe éagsúla.

**(4 phointe curtha síos @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

*Ábhar cothaitheach - freastal ar riachtanais chothaitheacha duine,*
*comhábhair / rabhaidh ailléirge, éadulaingt ar bhianna,*
*lion calraí,*
*méid an sciar / líon na riar i bpaicéad,*
*eolas maidir le hiontógáil tagartha (RI/IT)*
*eolas maidir le méid/líon an sciar molta de réir mar is infheidhme maidir leis an bpobal i gcoitinne,*
*eolas a chuirtear i láthair i bhformáid solais tráchta,*
*dáta faoinar cheart a úsáid /dáta ar fearr roimhe, siombail cóirthrádála, tír thionscnaimh, orgánach,*
*siombailí athchúrsála pacáistithe, srl.*

**(d)** Iarradh ort seanearra teicstíle a uaschúrsáil chun bratach a dhéanamh don rith spraoi. **15**

Sceitseáil agus lipéadaigh an bealach a ndéanfá an t-earra a uaschúrsáil chun an bhratach a dhéanamh agus déan cur síos air.
Bíodh tagairt do dhath agus do theicnící fuála/do ghreamanna a d'úsáidfeá san áireamh agat.

***Sceitse*** **(@ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**

**(4 phointe @ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**

*Lipéad*
*tagairt do dhath – is féidir é a fheiceáil ar an léaráid*
*teicnící/greamanna fuála,*
*agus pointe amháin eile*